

Uimhreacha

Bliain	Líon	Scolaireachtaí COGG
Céimithe 2020 (Bliain 1 faoi láthair)	28 (Bhí 29 ach thit duine amháin amach)	Eolaíochtaí: 2 (2 Físic) Mata: 2 Nuatheangacha: 6 (4 Francis, 1 Spainis, 1 Gearmainis)
Céimithe 2019 (Bliain 2 faoi láthair)	25	Eolaíochtaí 2: (1Bitheolaíocht, 1 Físic) Mata 1: NuaTheangacha:
Céimithe 2018 (Bliain 2 anuraidh)	25	Bitheol.3, Francis 4, Mata 1, Spainnis 1.

Postanna ar iasacht (Beirt)

Ba chúnamh ollmhór dúinn an dá phost ar iasacht ceadaithe don MGO arís i mbliana. Bhí duine acu amuigh ar shaoire mháithreachais agus tá muid ag súil ar ais léi tar éis na Nollag. Ghlac an bheirt úinéireacht ar na modúil ‘Teagasc Trú Ghaeilge’, ‘Teagasc, Foghlaim & Measúnú, ’Modheolaíochtaí Gaeilge’, Curaclam & Measúnú’ chomh maith le roinnt mhaith feitheoireacht ar na mic léinn ar shocrúchán scoile agus mar comhairleoirí taighde. Beidh an bheirt ag plé le TTEG sa bhliain nua. Fuair siad maoiniú ó COGG le togra a chur i gcrích i gcomhar le tuairisc.ie agus mic léinn na dara bliana. Beidh seo bunaithe ar ábhar dúchas.ie a chur in oiriúint do Shonraíochtaí Gaeilge na Sraithe Sóisearaí. Beidh an t-ábhar seo ina chúnamh mór do scoileanna, scoileanna Gaeltachta ach go háirithe.

Fostaíocht (Céimithe 2018)

Bhí bronnadh céime againn an mhí seo caite. As an 25 a bhí sa rang tá 11 acu ag obair san earnáil Ghaeloideachais. Is iomaí duine acu a fuair an iliomad tairiscint post. Tá an rang uilig, cés moite beirt, ag teagasc i mbliana.

TTEG (Teastas Teagaisc don Earnáil Ghaeloideachais)

Teastas TTEG (comhtheastas idir MGO, OÉG, COGG, An tAonad)
Tá sé i gceist againn tús a chur leis in Feabhra 2019. Tá leagan amach an TTEG le feiceáil thíos. Bhí oíche eolais againn ar líne ar an 22 Deireadh Fómhair agus tá 21 duine cláraithe againn go dtí seo don teastas. Tá muid chun glacadh le 25 duine.

Teastas Teagaisc don Earnáil Ghaeloideachais (TTEG)

